C/2026/1950

7.4.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/1950)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Var'

Uimhir thagartha AE: PGI-FR-A1145-AM04 — 8.1.2026

1. **Ainm an táirge**

'Var'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Fhrainc

5. **An t-údarás náisiúnta atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis, Ard-Stiúrthóireacht Fheidhmíocht Eacnamaíoch agus Chomhshaoil na bhFiontar

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Fraince go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge sin mar a shainmhínítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Níl aon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad i gceist leis an iarratas ar leasú ar an TGFC; go sonrach:

(a) níl i gceist leis athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

(b) níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach an t-iarratas.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Limistéir gheografacha ina ndéantar na hoibríochtaí

Tuairisc

Forlíonadh Caibidil I den tsonraíocht táirge ag pointe 4 – 'Limistéir gheografacha ina ndéantar na hoibríochtaí', pointe 4.1 – 'Limistéar geografach' agus pointe 4.2 – 'Limistéar díreach in aice láimhe' chun tagairt do Chód Geografach Oifigiúil 2024 a áireamh, agus chun an liosta bardas a chuimsíonn an limistéar geografach a thabhairt cothrom le dáta, gan athrú a dhéanamh air.

Leis an leasú eagarthóireachta sin, is féidir na limistéir gheografacha a aithint le tagairt do leagan 2024 den Chód Geografach Oifigiúil, dá bhfoilsíonn an Institiúid Náisiúnta Staidrimh agus Staidéar Eacnamaíoch agus a thugann deimhneacht dhlíthiúil do theorannú na limistéar geografach.

Cuireadh an tagairt chéanna isteach sa doiciméad aonair faoi na ceannteidil 'Limistéar geografach' agus 'Coinníollacha breise – limistéar díreach in aice láimhe'.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Cineálacha fíniúna

Tuairisc

Forlíonadh Caibidil I den tsonraíocht táirge ag pointe 5 'Cineálacha fíniúna' chun dhá chineál a chur leis an liosta cineálacha atá incháilithe do TGFC Var.

Is iad na cineálacha sin Mourvèdre Blanc B agus Mourvèdre Gris G, sócháin spontáineacha Mourvèdre Noir, cineál fíniúna sinseartha roinn Var. Tá na cineálacha sin frithsheasmhach in aghaidh galar agus triomaigh, agus dá bhrí sin tá siad dea-oiriúnaithe don aeráid theas atá mar shaintréith den limistéar táirgeachta.

Tá cuimsiú na gcineálacha sin mar fhreagairt ar ábhair imní chomhshaoil, i dtéarmaí téamh domhanda agus oiriúnú do bhrúnna galair araon.

Ní mór na cineálacha sin a chur leis an liosta cineálacha fíonchaor sa doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Ceanglais maidir le dearbhú

Tuairisc

I gCaibidil 2 den tsonraíocht táirge, forlíonadh pointe 1 'Ceanglais dearbhaithe' chun an 31 Eanáir den bhliain tar éis na buainte a thabhairt mar an sprioc-am don dearbhú buainte agus/nó don dearbhú táirgthe. Is ionann na méideanna arna ndearbhú faoin dáta sin agus an t-uasmhéid atá incháilithe don TGFC.

Tá an sprioc-am sin chun an dearbhú buainte a chur san áireamh coiteann do gach TGFC sa réigiún agus tá sé beartaithe an deighleog TGFC a chobhsú ar an leibhéal réigiúnach agus soiléireacht níos fearr a áirithiú maidir leis na méideanna a chuirtear ar an margadh.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha na bhfíonta

'Var'

Uimhir thagartha AE: PGI-FR-A1145-AM04 — 8.1.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Var'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Fhrainc

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 - fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

6. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

Táirge fíniúna

Fíonta socra dearga, fíonta socra *rosé* agus fíonta socra geala

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Bíonn dath éadrom ar na fíonta *rosé* (70 % den táirgeadh) go ginearálta.

Bíonn réimse dathanna ar na fíonta dearga idir dath dearg an rúibín agus dath domhain an ghairnéid lena ngabhann imireacha corcra.

Bíonn dath buí éadrom ar na fíonta geala lena ngabhann imireacha glasa nó bíonn dath geal agus gléigeal an óir orthu.

Dea-bholadh/Srón

Tá dea-bholaithe torthaíocha ar na fíonta *rosé*, a athraíonn go nádúrtha ag brath ar na cineálacha fíniúna agus ar na teicnící fíonóireachta a úsáidtear.

Bíonn na fíonta dearga tathagach go ginearálta agus bíonn struchtúr maith acu agus dea-bholaithe torthaíocha orthu.

Tá na fíonta geala torthaíoch.

Blas/Béal

Saintréith de chuid na bhfíonta *rosé* is ea a mbeogacht agus a ndea-bholaithe torthaíocha.

Bíonn na fíonta dearga tathagach go ginearálta agus bíonn struchtúr maith acu, bíonn siad cumhachtach i gcás na bhfíonta is comhdhlúite uaireanta.

Bíonn na fíonta geala fíneálta, agus bíonn siad torthaíoch beoga.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	9
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	—
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

De mhaolú, tá an cion aigéadachta luainí d'fhíonta le méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) de 45 ghram ar a laghad in aghaidh an lítir faoi mar a bunaíodh le comhordú ón Aire Gnóthaí Tomhaltóirí agus Aire Talmhaíochta.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán (dearg, *rosé* agus geal)

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Bíonn dath éadrom ar na fíonta *rosé* (70 % den táirgeadh) go ginearálta.

Bíonn réimse dathanna ar na fíonta dearga idir dath dearg an rúibín agus dath domhain an ghairnéid lena ngabhann imireacha corcra.

Bíonn dath buí éadrom ar na fíonta geala lena ngabhann imireacha glasa nó bíonn dath geal agus gléigeal an óir orthu.

Dea-bholadh/Srón

Tá dea-bholaithe torthaíocha ar na fíonta *rosé*, a athraíonn go nádúrtha ag brath ar na cineálacha fíniúna agus ar na teicnící fíonóireachta a úsáidtear.

Bíonn na fíonta dearga tathagach go ginearálta agus bíonn struchtúr maith acu agus dea-bholaithe torthaíocha orthu.

Tá na fíonta geala torthaíoch.

Blas/Béal

Saintréith de chuid na bhfíonta *rosé* is ea a mbeogacht agus a ndea-bholaithe torthaí. Go deimhin, bíonn na fíonta súilíneacha *rosé* seo an-torthaíoch agus bláthach i dtéarmaí blais agus bíonn maothlachas maith i gceist leo atá mórán mar a chéile le maothlachas na bhfíonta socra *rosé*.

Bíonn na fíonta dearga tathagach go ginearálta agus bíonn struchtúr maith acu, agus bíonn siad cumhachtach i gcás na bhfíonta is comhdhlúite uaireanta.

Bíonn na fíonta geala fíneálta agus bíonn siad torthaíoch beoga.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

Tá na dathanna agus na tréithe orgánaileipteacha céanna ag na fíonta súilíneacha agus atá ag a macasamhlacha socra, agus úire, fíneáltacht agus fad aramatach níos mó acu, agus feabhas déanta ag a mbolgáin ghalánta mhíne orthu.

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	—
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

—

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

—

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

A mhéid a bhaineann le cleachtais fhíoneolaíocha, ní mór do na fíonta rialacha an Aontais a chomhlíonadh.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál

Fíonta dearga agus fíonta *rosé*

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	100
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál

Fíonta geala

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	120
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Agiorgitiko N

— Alicante Henri Bouschet N

— Aligoté B

— Alphonse Lavallée N

— Altesse B

— Aramon N

— Aramon Blanc B

— Aramon Gris G

— Aranel B

— Arbane B

— Arinarnoa N

— Arriloba B

— Arrouya N

— Artaban N

— Assyrtiko B

— Aubin B

— Aubin Vert B

— Aubun N – Murescola

— Auxerrois B

— Bachet N

— Barbaroux Rs

— Baroque B

— Biancu Gentile B

— Blanc Dame B

— Bouchalès N

— Bouillet N

— Bouquettraube B

— Bourboulenc B – Doucillon Blanc

— Brachet N – Braquet

— Brun Fourca N

— Brun Argenté N – Vaccarèse

— Béclan N – Petit Béclan

— Béquignol N

— Cabernet Franc N

— Cabernet-Sauvignon N

— Caladoc N

— Calitor N

— Camaralet B

— Carcajolo N

— Carcajolo blanc B

— Carignan N

— Carignan Blanc B

— Carmenère N

— Castets N

— Chardonnay B

— Chasan B

— Chatus N

— Chenanson N

— Chenin B

— Cinsaut N – Cinsault

— Clairette B

— Clairette rose Rs

— Clarin B

— Claverie B

— Codivarta B

— Colombard B

— Corbeau N – Douce Noire

— Côt N – Malbec

— Couderc Noir N

— Counoise N

— Courbu B – Gros Courbu

— Courbu noir N

— Couston N

— Crouchen B – Cruchen

— César N

— Duras N

— Durif N

— Egiodola N

— Ekigaïna N

— Elbling B

— Etraire de la Dui N

— Fer N – Fer Servadou, Braucol, Mansois, Pinenc

— Feunate N

— Floreal B

— Folignan B

— Folle Blanche B

— Fuella Nera N

— Furmint B

— Gamaret

— Gamay N

— Gamay de Bouze N

— Gascon N

— Genovèse B

— Gewurztraminer Rs

— Goldriesling B

— Gouget N

— Graisse B

— Gramon N

— Grassen N – Grassenc

— Grenache N

— Grenache Blanc B

— Grenache Gris G

— Gringet B

— Grolleau N

— Grolleau Gris G

— Gros Manseng B

— Gros Vert B

— Joubertin

— Jurançon Blanc B

— Jurançon Noir N – Dame Noire

— Knipperlé B

— Lauzet B

— Liliorila B

— Listan B – Palomino

— Lledoner Pelut N

— Macabeu B – Macabeo

— Mancin N

— Manseng Noir N

— Marsanne B

— Marselan N

— Maréchal Foch N

— Mauzac B

— Mauzac Rose Rs

— Mayorquin B

— Melon B

— Merlot N

— Merlot Blanc B

— Meslier Saint-François B – Gros Meslier

— Meunier N

— Milgranet N

— Molette B

— Mollard N

— Monarch N

— Mondeuse N

— Mondeuse Blanche B

— Monerac N

— Montils B

— Morrastel N – Minustellu, Graciano

— Mourvaison N

— Mourvèdre N – Monastrell

— Mouyssaguès

— Muresconu N – Morescono

— Muscadelle B

— Muscardin N

— Muscaris B

— Muscat Ottonel B – Muscat, Moscato

— Muscat cendré B – Muscat, Moscato

— Muscat d'Alexandrie B – Muscat, Moscato

— Muscat de Hambourg N – Muscat, Moscato

— Muscat à petits grains blancs B – Muscat, Moscato

— Muscat à petits grains roses Rs – Muscat, Moscato

— Muscat à petits grains rouges Rg – Muscat, Moscato

— Mérille N

— Müller-Thurgau B

— Nielluccio N – Nielluciu

— Noir Fleurien N

— Négret de Banhars N

— Négrette N

— Oberlin noir N

— Ondenc B

— Orbois B

— Pagadebiti B

— Pascal B

— Perdea B

— Persan N

— Petit Courbu B

— Petit Manseng B

— Petit Meslier B

— Petit Verdot N

— Picardan B – Araignan

— Pineau d'Aunis N

— Pinot Blanc B

— Pinot Gris G

— Piquepoul Blanc B

— Piquepoul Gris G

— Piquepoul Noir N

— Plant de Brunel N

— Plant Droit N – Espanenc

— Portan N

— Portugais Bleu N

— Prior N

— Prunelard N

— Précoce Bousquet B

— Précoce de Malingre B

— Raffiat de Moncade B

— Riesling B

— Riminèse B

— Rivairenc N – Aspiran Noir

— Rivairenc Blanc B – Aspiran Blanc

— Rivairenc Gris G – Aspiran Gris

— Rosé du Var Rs

— Roublot B

— Roussanne B

— Roussette d'Ayze B

— Sacy B

— Saint Côme B

— Saint-Macaire N

— Saint-Pierre Doré B

— Sauvignon B – Sauvignon blanc

— Sauvignon Gris G – Fié Gris

— Sciaccarello N

— Segalin N

— Seinoir N

— Select B

— Semebat N

— Semillon B

— Servanin N

— Solaris B

— Soreli B

— Souvignier Gris Rs

— Sylvaner B

— Syrah N – Shiraz

— Tannat N

— Tempranillo N

— Terret Blanc B

— Terret Gris G

— Terret Noir N

— Tibouren N

— Tourbat B

— Tressot N

— Téoulier N

— Ugni Blanc B

— Valdiguié N

— Varousset N

— Velteliner Rouge Précoce Rs

— Verdesse B

— Vermentino B – Rolle

— Vidoc N

— Villard Blanc B

— Villard Noir N

— Viognier B

— Voltis B

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

Buantar na fíonchaora agus déantar fíonóireacht agus próiseáil fhíonta an TGFC 'Var' laistigh de na bardais a áirítear i roinn Var ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2024.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar

☑ clú

☑ cáilíocht shonrach

☑ saintréithe eile

Catagóir an táirge fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

Tá Var ar cheann de na ranna atá suite i réigiún Provence-Alpes-Côte d'Azur in oirdheisceart na Fraince. Is den abhainn chósta Var a shíolraíonn a ainm, abhainn lena marcáiltí teorainn an oirthir. San iarthar tá teorainn aige le roinn Bouches-du-Rhône, sa tuaisceart tá sí aige le roinn Alpes de Haute-Provence, san oirthear le roinn Alpes-Maritimes agus sa deisceart leis an Meánmhuir.

Tá éagsúlacht sa rilíf sa limistéar geografach, lena mbaineann dhá chuid atá difriúil ó thaobh na geolaíochta de: cuid chailcreach siar ó ais Toulon–Draguignan agus cuid chriostalta soir uaithi.

Tá baint ag an dá fhoirmíocht gheografacha dhifriúla sin le dhá chineál fásra ar saintréith de chuid réigiún na Meánmhara iad, i.e.: 'garrigue' ar na hithreacha aolchloiche agus 'maquis' agus foraois (péine agus dair thoilm) ar na hithreacha níos criostalta. Ní chuireann ceachtar de na cineálacha fásra sin go leor húmais ar fáil. Tá na hithreacha in Var go dona go ginearálta agus tá draenáil mhaith ach baol creimthe i gceist leo. Féadfaidh fíniúnacha a bheith faoi bhláth sa chineál sin tír-raoin. Ní raibh dul amú ar na Rómhánaigh nuair a thug siad fíniúnacha isteach 2 600 bliain ó shin chun an Cúige Rómhánach (nó 'Provence') a fhorbairt.

Tá an aimsir ghrianmhar ar cheann de na tréithe is mó a bhaineann leis an aeráid in Var. Tairbhíonn roinn Var d'aeráid Mheánmhara lena ngabhann samhraí teo tirime agus geimhrí cineálta a mbíonn dhá shéasúr báistí i gceist léi, ceann san fhómhar agus ceann san earrach. Tá na dálaí sin an-oiriúnach chun fíniúnacha a fhás, agus is iad na raonta teochta a bhíonn suntasach go minic an toisc chinntitheach maidir le cé acu atá nó nach bhfuil dáileachtaí talún áirithe tiomnaithe d'fhíonta dearga nó *rosé* a dhéanamh.

Is é an Mistral (gaoth aduaidh) an phríomhghaoth sa réigiún. Is gaoth oighearshrutha a bhíonn inti sa gheimhreadh tar éis di dul thar bhrat sneachta na nAlp ach cinntítear léi úire sa samhradh. Is féidir léi a bheith crua uaireanta ach díríonn na fíonsaothraithe ar a cáilíocht fhíor-riachtanach den chuid is mó: cosnaíonn sé na fíniúnacha ar thimpeallacht róthais agus ar ghalair fhungasacha amhail an choincleach.

Tá fás leanúnach tar éis teacht ar na leibhéil táirgeachta ó cruthaíodh an tásc geografach faoi chosaint 'Var' (Vin de Pays du Var), arna socrú ag thart ar 250 000 heictilítear ag tús an 21ú haois.

I bhfianaise a aeráide fabhraí, a thírdhreacha ilchineálacha agus a shuíomh cois farraige, chomh maith lena oidhreacht chultúrtha agus a stair shaibhir, a cheardaíocht agus a thraidisiúin, tá acmhainneacht dhoshéanta ag réigiún Var ó thaobh na turasóireachta de. Le cuidiú na láidreachtaí sin uile, tá an roinn tar éis gníomhaíocht eacnamaíoch láidir atá dírithe ar an turasóireacht a mhéadú.

Éiríonn leis an réigiún fíor-tharraingteach sin níos mó ná 14 mhilliún turasóir a mhealladh in aghaidh na bliana. Is léir go mbaineann na turasóirí sin, go leor díobh a thagann ar ais arís agus arís eile, sult de réir a chéile as cócaireacht agus as táirgí Provence, lena n-áirítear na fíonta Var a chumhdaítear le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint nó le tásc geografach faoi chosaint.

Ós rud é gur cruthaíodh an tásc geografach faoi chosaint 'Var' faoi rialacha a bhíodh i bhfeidhm maidir le 'Vin de Pays', tá curtha leis an gcáil atá air a bhuí den chuid is mó leis an ngníomhaíocht turasóireachta sa réigiún, mar is léir ón éileamh láidir áitiúil ar na fíonta *rosé*. Bíonn meas agus tuiscint ag turasóirí ar chaighdeán na bhfíonta atá á dtairiscint.

Is iontach go raibh táirgeoirí i gcónaí ar an airdeall maidir lena ndul chun cinn agus 'Vins de Pays' á ndéanamh acu ionas go mbeidís ailínithe an t-am ar fad le mianta tomhaltóirí (mar shampla, maidir le dath na bhfíonta *rosé*).

Ba léir an feachtas sin go luath sna 2000í nuair a bhí déantóirí fíonta proifisiúnta as Var páirteach i gcruthú lárionaid náisiúnta um thaighde agus tástáil dírithe ar fhíon *rosé* (in Vidauban – Var). Foilsíodh cúpla saothar ó shin (mar shampla, saothar ar na himireacha a bhaineann le fíonta 'rosé') agus cabhraíonn sé sin i dtéarmaí oibríochta i leith tuilleadh feabhais a chur ar leibhéal cáilíochta na bhfíonta *rosé*. Rinne an earnáil mórinfheistíochtaí freisin chun a áirithiú go bhfuil sé feistithe leis na huirlisí iomchuí d'fhonn máistreacht fhoirfe ar fhíonóireacht *rosé* a áirithiú. Is cinnte go dtéann an teicneolaíocht úrscothach sin le haghaidh fíonta *rosé* agus saineolas na dtáirgeoirí chun tairbhe do tháirgeadh fíonta a chumhdaítear le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint ach bíonn tionchar acu freisin ar an bpróiseas fíonóireachta le haghaidh fíonta a chumhdaítear le tásca geografacha faoi chosaint.

Ba cheart tagairt a dhéanamh freisin do chóngaracht fhíonghoirt Var do mhórionaid uirbeacha réigiúnacha agus d'ionaid saoire cois farraige, ar leas mór do tháirgeoirí iad, atá ábalta cur le luach a dtairisceana agus mar sin roghnú pacáistiú a dhéanamh ar an láithreán. Is díolacháin dhíreacha (fíon buidéalaithe nó mála i mbosca) anois iad tuairim agus 50 % den mhéid, agus meastar gur díolacháin dhíreacha ag na siléir amháin 30 %.

Tá Var suite in Provence, réigiún a bhfuil meas aitheanta air. Tá íomhá seanbhunaithe ag Provence mar réigiún ina dtáirgtear fíon agus fócas láidir ann ar fhíonta *rosé* ar ardchaighdeán – agus é ar thús cadhnaíochta maidir le táirgeadh *rosé* – agus tá sé sin deimhnithe ag go leor suirbhéanna feasachta gan choinne (foinse: *cabinet Wine Intelligence Vinitrac* – mí na Samhna 2009).

Tá an gradam agus an saineolas mar aon leis an bhfócas láidir ar fhíonta *rosé* fíor freisin i dtaobh na bhfíonta dearga, na bhfíonta geala agus na bhfíonta súilíneacha a dhéanann na táirgeoirí céanna ó fhíonghoirt Var atá suite sa timpeallacht gheografach chéanna.

Ar an mbealach sin, níl dabht ar bith ach go mbíonn tionchar dearfach ag rath na bhfíonta *rosé* ar cháilíocht agus ar cháil na bhfíonta eile a tháirgtear sa roinn.

Catagóir an táirge fíniúna

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

Achoimre ar an nasc

Déantar fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán sa limistéar táirgeachta i gceist freisin.

Ní forbairt nua in Provence é déanamh fíona shúilínigh. Is próiseas traidisiúnta é a mbíonn tuairim agus milliún buidéal in aghaidh na bliana de thoradh air, ina mbíonn thart ar chaoga oibreoir (táirgeoirí, próiseálaithe agus trádálaithe) bainteach leis. I dtús an 20ú haois, bhí roinnt chomharfhíonlann nó déantóirí fíona amhail 'La Tête Noire' ag iarraidh na fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán a tháirgtí in Provence a chur chun cinn cheana féin.

Ceann de phríomh-shaintréithe na bhfíonta súilíneacha a chumhdaítear leis an tásc geografach faoi chosaint 'Var' is ea go ndéantar as cineálacha fíniúna áitiúla iad, toisc gur fíonta *rosé* iad den chuid is mó, arb iad formhór na bhfíonta socra a tháirgtear sa réigiún.

Dá bhrí sin, is gnách go mbaineann an tásc geografach faoi chosaint 'Var' le fíonta socra agus fíonta súilíneacha a bhfuil próifílí orgánaileipteacha atá mórán ar aon dul le chéile. Go deimhin, bíonn na fíonta súilíneacha *rosé* an-torthaíoch agus bláthach i dtéarmaí blais agus bíonn maothlachas maith i gceist leo atá mórán mar a chéile le maothlachas na bhfíonta socra *rosé*.

Is iad na tréithe orgánaileipteacha sin go beacht (saintréithe bláthacha agus torthaíocha mar aon le maothlachas maith) a dhéanann idirdhealú idir na fíonta súilíneacha a dhéantar i réigiún Var agus na fíonta a dhéantar i gcodanna eile den Fhrainc.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Lipéadú

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Is féidir na nithe seo a leanas a chur leis an tásc geografach faoi chosaint 'Var':

— ainm(neacha) de cheann amháin nó níos mó cineálacha fíniúna,

— na téarmaí 'primeur' (luath) nó 'nouveau' (nua).

Forchoimeádtar na téarmaí 'primeur' (luath) agus 'nouveau' (nua) d'fhíonta socra amháin.

Is féidir na hainmneacha seo a leanas d'aonaid gheografacha níos lú a chur leis na fíonta dearga, na fíonta *rosé* agus na fíonta geala ar a bhfuil an tásc geografach faoi chosaint 'Var': 'Argens', 'Coteaux du Verdon', 'Sainte Baume'.

Is féidir ainm an aonaid gheografaigh níos lú 'Correns' a chur leis na fíonta geala ar a bhfuil an tásc geografach faoi chosaint 'Var'.

Caithfidh lógó TGFC an Aontais Eorpaigh a bheith ar an lipéad má chuirtear an téarma traidisiúnta 'Vin de Pays' in ionad 'Indication géographique protégée' ('Tásc Geografach faoi Chosaint').

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/mhaolaithe breise

Maolú a bhaineann le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Tá na bardais atá ar theorainn an limistéir gheografaigh ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2024 sa limistéar díreach in aice láimhe arna shainiú ag maolú maidir le déanamh agus forbairt fíonta ag a bhfuil an tásc geografach faoi chosaint 'Var', a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith forlíonta le hainm ceann de na haonaid gheografacha níos lú dá dtagraítear i bpointe 2:

San oirthear, na bardais seo a leanas ar theorainn roinn Alpes-Maritimes:

Aiglun, Amirat, Andon, Antibes, Auribeau-sur-Siagne, Le Bar-sur-Loup, Bézaudun-les-Alpes, Biot, Bouyon, Briançonnet, Le Broc, Cabris, Cagnes-sur-Mer, Caille, Cannes, Le Cannet, Carros, Caussols, Châteauneuf-Grasse, Cipières, La Colle-sur-Loup, Collongues, Conségudes, Courmes, Coursegoules, Escragnolles, Les Ferres, Gars, Gattières, La Gaude, Gourdon, Grasse, Gréolières, Mandelieu-la-Napoule, Le Mas, Mouans-Sartoux, Mougins, Les Mujouls, Opio, Pégomas, Peymeinade, Roquefort-les-Pins, La Roque-en-Provence, La Roquette-sur-Siagne, Le Rouret, Saint-Auban, Saint-Cézaire-sur-Siagne, Saint-Jeannet, Saint-Laurent-du-Var, Saint-Paul-de-Vence, Saint-Vallier-de-Thiey, Sallagriffon, Séranon, Spéracèdes, Théoule-sur-Mer, Le Tignet, Tourrettes-sur-Loup, Valbonne, Valderoure, Vallauris, Vence agus Villeneuve-Loubet;

San iarthar, na bardais seo a leanas ar theorainn roinn Bouches-du-Rhône:

Aix-en-Provence, Allauch, Alleins, Aubagne, Auriol, Aurons, La Barben, Beaurecueil, Belcodène, Bouc-Bel-Air, La Bouilladisse, Cabriès, Cadolive, Carnoux-en-Provence, Cassis, Ceyreste, Charleval, Châteauneuf-le-Rouge, La Ciotat, Coudoux, Cuges-les-Pins, La Destrousse, Éguilles, Eyguières, La Fare-les-Oliviers, Fuveau, Gardanne, Gémenos, Gréasque, Jouques, Lamanon, Lambesc, Lançon-Provence, Mallemort, Marseille, Meyrargues, Meyreuil, Mimet, Pélissanne, La Penne-sur-Huveaune, Les Pennes-Mirabeau, Peynier, Peypin, Peyrolles-en-Provence, Plan-de-Cuques, Puyloubier, Le Puy-Sainte-Réparade, Rognes, La Roque-d'Anthéron, Roquefort-la-Bédoule, Roquevaire, Rousset, Saint-Antonin-sur-Bayon, Saint-Cannat, Saint-Estève-Janson, Saint-Marc-Jaumegarde, Saint-Paul-lès-Durance, Saint-Savournin, Salon-de-Provence, Sénas, Septèmes-les-Vallons, Simiane-Collongue, Le Tholonet, Trets, Vauvenargues, Velaux, Venelles, Ventabren agus Vernègues;

San iarthar/iarthuaisceart, na bardais seo a leanas ar theorainn roinn Vaucluse:

Ansouis, Apt, Auribeau, La Bastide-des-Jourdans, La Bastidonne, Beaumettes, Beaumont-de-Pertuis, Bonnieux, Buoux, Cabrières-d'Aigues, Cabrières-d'Avignon, Cadenet, Caseneuve, Castellet-en-Luberon, Cavaillon, Cheval-Blanc, Cucuron, Gargas, Gignac, Gordes, Goult, Grambois, Joucas, Lacoste, Lagarde-d'Apt, Lagnes, Lauris, Lioux, Lourmarin, Maubec, Ménerbes, Mérindol, Mirabeau, La Motte-d'Aigues, Murs, Oppède, Pertuis, Peypin-d'Aigues, Puget, Puyvert, Robion, Roussillon, Rustrel, Saignon, Saint-Martin-de-Castillon, Saint-Martin-de-la-Brasque, Saint-Pantaléon, Saint-Saturnin-lès-Apt, Sannes, Sivergues, Taillades, La Tour-d'Aigues, Viens, Villars, Villelaure agus Vitrolles-en-Lubéron.

Sa tuaisceart, na bardais seo a leanas ar theorainn roinn Alpes de Haute-Provence:

Aiglun, Allemagne-en-Provence, Allons, Allos, Angles, Annot, Archail, Aubenas-les-Alpes, Aubignosc, Authon, Auzet, Banon, Barles, Barras, Barrême, Bayons, Beaujeu, Beauvezer, Bellaffaire, Bevons, Beynes, Blieux, Bras-d'Asse, Braux, La Brillanne, Brunet, Le Brusquet, Le Caire, Castellane, Le Castellard-Mélan, Le Castellet, Castellet-lès-Sausses, Val-de-Chalvagne, Céreste-en-Luberon, Le Chaffaut-Saint-Jurson, Champtercier, Château-Arnoux-Saint-Auban, Châteaufort, Châteauneuf-Miravail, Châteauneuf-Val-Saint-Donat, Châteauredon, Chaudon-Norante, Clamensane, Claret, Clumanc, Colmars, Corbières-en-Provence, Cruis, Curbans, Curel, Dauphin, Demandolx, Digne-les-Bains, Draix, Entrages, Entrepierres, Entrevaux, Entrevennes, L'Escale, Esparron-de-Verdon, Estoublon, Faucon-du-Caire, Fontienne, Forcalquier, Le Fugeret, Ganagobie, La Garde, Gigors, Gréoux-les-Bains, L'Hospitalet, La Javie, Lambruisse, Lardiers, Limans, Lurs, Majastres, Malijai, Mallefougasse-Augès, Mallemoisson, Mane, Manosque, Marcoux, Méailles, Les Mées, Melve, Mézel, Mirabeau, Mison, Montagnac-Montpezat, Montclar, Montfort, Montfuron, Montjustin, Montlaux, Montsalier, Moriez, La Motte-du-Caire, Moustiers-Sainte-Marie, La Mure-Argens, Nibles, Niozelles, Noyers-sur-Jabron, Les Omergues, Ongles, Oppedette, Oraison, La Palud-sur-Verdon, Peipin, Peyroules, Peyruis, Piégut, Pierrerue, Pierrevert, Prads-Haute-Bléone, Puimichel, Puimoisson, Quinson, Redortiers, Reillanne, Revest-des-Brousses, Revest-du-Bion, Revest-Saint-Martin, Riez, La Robine-sur-Galabre, La Rochegiron, La Rochette, Rougon, Roumoules, Saint-André-les-Alpes, Saint-Benoît, Sainte-Croix-à-Lauze, Sainte-Croix-du-Verdon, Hautes-Duyes, Saint-Étienne-les-Orgues, Saint-Geniez, Saint-Jacques, Saint-Jeannet, Saint-Julien-d'Asse, Saint-Julien-du-Verdon, Saint-Jurs, Saint-Laurent-du-Verdon, Saint-Lions, Saint-Maime, Saint-Martin-de-Brômes, Saint-Martin-les-Eaux, Saint-Martin-lès-Seyne, Saint-Michel-l'Observatoire, Saint-Pierre, Sainte-Tulle, Saint-Vincent-sur-Jabron, Salignac, Saumane, Sausses, Selonnet, Senez, Seyne, Sigonce, Sigoyer, Simiane-la-Rotonde, Sisteron, Soleilhas, Sourribes, Tartonne, Thèze, Thoard, Thorame-Basse, Thorame-Haute, Turriers, Ubraye, Vachères, Valavoire, Valbelle, Valensole, Valernes, Vaumeilh, Venterol, Verdaches, Vergons, Le Vernet, Villars-Colmars, Villemus, Villeneuve, Volonne agus Volx.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-083e9e89-a054-4da5-ab86-26ad1e4b15db